

Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc

Polasaí Aire Phearsanta agus Leithris

Páistí le Riachtanais Leithris / Riachtanais Aire Phearsanta:

- I ngach cás go mbíonn cúnamh ag teastáil ó dhalta maidir le cúrsaí Leithris nó le hAire Phearsanta, eagrófar cruinniú tar éis do dhalta a bheith cláraithe agus roimh dóibh tosú ar an scoil
- I láthair ag an gcruinniú, beidh tuismitheoirí, Príomhoide, Oide Ranga, Cúntóir Riachtanais Speisialta agus an dalta féin, más oiriúnach
- Soiléarófar riachtanaisí speisialta an dalta agus conas mar a dhéanfaidh an scoil freastal ar na riachtanaisí sin
- Ainmneófar na páirtithe a bheidh páirteach san aire speisialta seo
- Déanfar socrúithe d'ócáidí go mbeadh ba(i)ll foirne as láthair (m.sh.Ní bheidh CRS Ionaid freagrach as Aire Phearsanta de gnáth). Má bhíonn athrú foirne ann, pléifear é seo leis an dalta, más oiriúnach
- Beidh beirt bhall foirne i láthair i gcásanna ag deighleáil le hAire Phearsanta
- Má bhíonn athruithe le déanamh, pléifear iad seo le tuismitheoirí/ caomhnóirí agus leis an dalta agus coiméadfar cuntas scríofa orthu i bhfillteán an pháiste
- Beidh an dalta féin páirteach in aithint a riachtanaisí pearsanta, na socrúithe agus aon athruithe maidir leo, chomh mór agus is féidir
- Coiméadfar cóip scríofa de na socrúithe comhaontaithe i bhfillteán an dalta. Cuirfear na tuismitheoirí ar an eolas faoi aon athrú sna socrúithe comhaontaithe
- Tabharfar túsáite i gcónaí do dhínit agus do phríobháideachas an dalta i gcásanna Aire Phearsanta
- Beidh lámhainní cosanta á gcaitheamh ag na baill foirne

Timpistí Leithris:

- A. Ag cruinniú eolais na naíonán bheaga, cuirfear córais na scoile in iúl do thuismitheoirí agus iarrfar orthu iarratas scríofa a chur ar fáil don scoil má bhíonn mian(ta) speisialta acu maidir le timpistí leithris. Cuirfidh an scoil an t-iarratas seo faoi chaibidil agus cuirfear na tuismitheoirí ar an eolas má ta sé inghlactha don scoil
- B. Beidh beart fothéadaí, brístí spóirt srl glana ar fáil sa scoil do 'thimpistí leithris'
- C. Mar thús, ofrálfar éadaí glana don dalta agus beifear ag súil go mbeidh said in ann iad féin a ghlanadh agus na héadaí úra a chur orthu féin
- D. Leanfar mianta na dtuismitheoirí , i gcás nach féidir leis an dalta iad féin a ghlanadh nó na héadaí úra a chur orthu féin do chúis ar bith, má tá glactha ag an scoil le mianta scríofa na dtuismitheoirí

- E. Más gá go n-athreoidh nó go nglanfaidh baill foirne an dalta i gcás thimpiste leithris ‘fliuch’, beidh beirt bhall foirne, a bhfuil an dalta eolach orthu , i láthair
- F. Cuirfear tuismitheoirí ar an eolas faoi na timpistí seo
- G. Ba chóir cúntas scríofa a choiméad faoin eachtra mar atá leagtha amach in E (thuas)